

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

Ainm na scoile	Coláiste Íosagáin
Seoladh na scoile	Bóthar Stigh Lorgan Baile An Bhóthair An Charraig Dhubh
Uimhir rolla	60042F

Dáta na Meastóireachta: 06-02-2019



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

Cad is meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim ann?

Déanann Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i scoil. Dearbhaítear léi dea-chleachtas agus déantar moltaí, nuair is cuí, chun cuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar an soláthar oideachais sa scoil.

Conas an tuairisc seo a léamh

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus tuairisciú faoi na ceanteidil nó faoi na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochts scoile
2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
3. Cur i bhfeidhm na moltaí ó mheastóireachtaí roimhe seo
4. Próiseas féinmheastóireachta na scoile agus an acmhainn d'fheabhsúchán scoile

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le gach ceann de na réimsí sin agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

COSAINT LEANAÍ

Le linn na meastóireachta, rinneadh seiceáil mar a leanas ar nósanna imeachta na scoile maidir le caomhnú leanaí:

1. Tá ainm an teagmhálaí ainmnithe agus an ráiteas slánchumhdaithe leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do phríomhdhoras na scoile.
2. Tá ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile faofa ag an mbord agus áirítear ann athbhreithniú bliantúil agus measúnú riosca.
3. Tá sé dearbhaithe ag gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile léite acu agus go bhfuil siad eolach ar a bhfreagrachtaí mar dhuine faoi shainordú.
4. Tá ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
5. Ar na taifid de na trí chruinniú bainistíochta is déanaí tá taifead de thuairisc mhaoirseachta um chosaint leanaí i gcomhréir le riachtanais na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
6. Tá sé cinntithe ag an mbord bainistíochta go bhfuil socruithe i bhfeidhm le heolas a chur ar fáil do phearsana uile na scoile ar na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
7. Tá sé léirithe i ndoiciméid phleanála scoile go bhfuil soláthar iomlán á dhéanamh ag an scoil do ghnéithe ábhartha an churaclaim (OSPS, Bí Sábháilte, OCG, Folláine).
8. Tá na taifid maidir le cosaint leanaí a gcoinneáil in áit slán, daingean.

Bhí cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi gach ceann de na seiceálacha thuas.

MEASTÓIREACHT SCOILE UILE – BAINISTÍOCHT, CEANNAIREACHT AGUS FOGHLAIM

Dátaí na cigireachta	4, 5 agus 6 Feabhra 2019
Gníomhaíochtaí cigireachta a rinneadh: Cruinniú leis an mBord Bainistíochta Cruinnithe leis an bpríomhoide agus príomhoide tánaisteach Cruinnithe le príomhbhaill foirne Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha Agallamh le fócasghrúpa scoláirí	Cruinniú le tuismitheoirí Anailís ar cheistneoirí ó thuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí Breathnú ar theagasc agus foghlaim Idirghníomhú le scoláirí Scrúdú ar obair na scoláirí Aiseolas don fhoireann bainistíochta shinsearach, bord bainistíochta agus múinteoirí

Comhthéacs na scoile

Meánscoil dheonach Chaitliceach lánGhaeilge do chailíní is ea Coláiste Íosagáin, atá faoi choimirce iontaobhas Scoileanna Éamainn Rís. Tá 484 scoláire ar an rolla faoi láthair. Soláthraíonn an scoil na cláir seo a leanas: an tSraith Shóisearach, clár Idirbhliana atá éigeantach agus an Ardeistiméireacht bhunaithe. Roinneann Coláiste Íosagáin agus Coláiste Eoin, meánscoil dheonach lánGhaeilge do bhuachaillí faoin iontaobhas céanna, an suíomh céanna agus roinnt áiseanna. Is nasc tairbheach é seo a théann chun leasa na scoláirí uile.

Achoimre ar na príomhchinntí agus moltaí:

Cinntí

- Bhí cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta scoile go han-mhaith, ach tá scóip chun forbartha ann maidir le leithdháileadh uaireanta teagasc ar an amchlár agus na dualgais a bhaineann leis na poist freagrachta.
- Bhí cáilíocht an teagasc agus an mheasúnaithe sna ceachtanna a breathnaíodh go maith; bhí an cleachtas go han-mhaith i mionlach suntasach de na ceachtanna, agus breathnaíodh roinnt mhaith samplaí de chleachtais eiseamláireacha i ngach ceacht.
- Bhí cáilíocht na foghlama sna ceachtanna a breathnaíodh go han-mhaith.
- Tá an fhoireann le moladh as réimse leathan d'imeachtaí comhchuraclaim agus eischuraclaim a chur ar fáil ar mhaithe le forbairt iomlánaíoch na scoláirí.
- Tá dul chun cinn an-mhaith déanta i gcur chun cinn na moltaí a rinneadh i meastóireachtaí roimhe seo.
- Bhí cáilíocht an phróisis féinmheastóireachta scoile (FMS) éifeachtach, cé nach raibh plean gníomhaíochta spriocdhírthe ann i gcás gach réimse forbartha; léirigh pobal na scoile tiomantas agus ardchumas d'fheabhsúchán scoile.

Moltaí

- Ba chóir an t-amchlár a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil gach múinteoir lán-aimseartha buan tráthchláraithe go cuí ar feadh 18 uair a chloig ar a laghad de threímhsí teagasc in aghaidh na seachtaine.
- Ba cheart féachaint in athuair ar na dualgais a ghabhann le poist freagrachta chun cúrsaí a bhaineann le teagasc, foghlaim, measúnú agus FMS a chur chun cinn ar shlí níos córasaí.
- Ar mhaithe le comhsheasmhacht in eispéreas foghlama na scoláirí a chinntiú, b'fhiú tógáil ar an bhforbairt atá ar bun maidir le cleachtais bunaithe ar an mbuíonteachas agus ar úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a chur chun cinn, agus leas a bhaint as breathnóireacht chomhoibríoch múinteoirí chuige sin, mar chuid den phróiseas FMS.
- Ba chóir an próiseas FMS a fhorbairt trí fochoistí a bhunú, plean gníomhaíochta a dhréachtú, spriocanna sonracha, intomhaiste, comhaontaithe, réaláiocha agus uainithe (SICRU) a leagan amach, agus monatóireacht rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn.

MIONCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

1. CÁILÍOCHT NA CEANNAIREACHTA AGUS NA BAINISTÍOCHTA SCOILE

Tá cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta scoile go han-mhaith, ach moltar athbhreithniú a dhéanamh ar leithdháileadh uaireanta teagasc ar an amchlár agus ar na dualgais a bhaineann leis na poist freagrachta.

Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc

Tá cáilíocht na ceannaireachta ar fhoghlaim agus ar theagasc go han-mhaith. Oibríonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach go dlúth le chéile chun cultúr foghlama d'ardchaighdeán a chur chun cinn agus pobal foghlama lánGhaeilge a chruthú. Tá ionchais arda acu do na scoláirí agus do na múinteoirí i leith ardghnóthachtáil sna scrúduithe teistiméireachta. Cuirtear tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar nós *TL21*, cúrsaí iarchéime agus cúrsaí inseirbhíse.

Cuireann an bord bainistíochta agus an príomhoide curaclam leathan ar fáil chun freastal ar riachtanais na scoláirí. Cabhraíonn an nasc tairbheach atá cruthaithe acu le Coláiste Eoin le raon leathan ábhar a chur ar fáil sa tsraith shinsearach. Thug na scoláirí le fios go bhfuil siad sásta ar an iomlán leis an rogha ábhar atá ar fáil sa scoil, ach gur mhaith leo go mbeadh Staidéar Gnó agus Cuntasaíocht ar fáil freisin, agus go dtabharfaí comhairle níos fearr dóibh faoi roghnú ábhar i gcoitinne. Chuir bainistíocht na scoile in iúl go bhfuiltear ag smaoinemh ar Léann Clasaiceach a chur ar fáil, agus b'fhiú fochoiste nó bord léinn a bhunú chun na féidearthachtaí ar fad a chíoradh agus a phlé le pobal na scoile.

Déantar an fhoireann a dháileadh go cuí de réir a gcuid cáilíochtaí agus réimsí saineolais a oiread agus is féidir. Tugadh faoi deara le linn na meastóireachta go raibh cúpla múinteoir lán-aimseartha buan ann a raibh níos lú ná 18 uaireanta cloig teagasc tráthchlárúil dóibh in aghaidh na seachtaine. Ba chóir an t-amchlár a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil gach múinteoir lán-aimseartha buan tráthchlárúil go cuí ar feadh 18 uair a chloig ar a laghad de threimhsí teagasc in aghaidh na seachtaine.

Spreagtar teagasc sa scoil atá mealltach agus dúshlánach, agus chun cur ar chumas na scoláirí uile a bheith ina bhfoghlaimoirí gníomhacha agus spreagtha. Tugadh suntas do dhílseacht na mball foirne don scoil agus dá n-inniúlacht ar labhairt agus ar scríobh na Gaeilge. Tá an fhoireann le moladh as réimse leathan d'imeachtaí comhchuraclaim agus eischuraclaim a chur ar fáil. Cuimsítear iontu spórt, ceol, drámaíocht, díospóireachtaí, turais agus comórtais ar mhaithe le forbairt iomlánaíoch na scoláirí.

Sna ceistneoirí a dáileadh orthu, dhearbhaigh formhór na scoláirí go raibh siad bródúil as an scoil, go raibh a gcuid ceachtanna suimiúil agus go raibh ag éirí go maith leo ar scoil. Dhearbhaigh beagnach gach tuismitheoir go raibh siad sásta ar an iomlán leis an scoil.

Cuirtear clár ionductaithe cuimsitheach agus tairbheach ar fáil do scoláirí agus iad ag teacht isteach sa chéad bhliain. Tugann na ranganna cultúir san iarnóin ar an Aoine deis do na scoláirí aithne a chur ar a chéile agus páirt a ghlacadh in imeachtaí tairbheacha. Tugtar tacaíocht mhaith don líon beag scoláirí a thagann isteach ó bhunscoileanna Béarla, ach b'fhiú don scoil machnamh a dhéanamh ar conas cur leis na tacaíochtaí céanna.

Clár dea-eagraithe, spreagthach is ea an Idirbhliain. Déantar a lán infheistíochta ina réachtáil ó thaobh pearsanra, acmhainní agus cruinnithe de. Cuirtear an iliomad deiseanna foghlama ar fáil, idir ábhair nua, taithí oibre, obair charthanachta, turais agus teastais oifigiúla sna teangacha. Is é an ceoldráma buaicphointe na bliana. Baineann na scoláirí taitneamh agus tairbhe as an gclár.

Tá cáilíocht chúram na scoláirí go maith i gcoitinne ach tá scóip ann chun gnéithe den fholláine a fheabhsú, dar leis na scoláirí a d'fhreagair na ceistneoirí nó a ghlac páirt sa chruinniú fócas-ghrúpa.

Tugann rang-mhúinteoirí, bliainmhúinteoirí, an tseirbhís treoirchomhairleoireachta agus an fhoireann chúraim tacaíocht mhaith do na scoláirí. Is breá leis an gcuid is mó de na scoláirí an scoil agus réitíonn siad go han-mhaith lena chéile. Mar is dual do dhéagóirí bíonn brú agus imní orthu ó am go chéile. Léiríonn mionlach suntasach de na scoláirí sna ceistneoirí, áfach, nach dtuigeann siad gur féidir leo labhairt le duine fásta sa scoil má bhíonn fadhbanna acu. Is tráthúil go bhfuil an Fholláine mar phríomhthéama i bpróiseas an FMS i mbliana.

Moltar don scoil an scéal seo a iniúchadh, agus breis tacaíochtaí a chur ar fáil do scoláirí, chun cuidiú leo an brú agus an t-imní a bhíonn orthu uaireanta a bhainistiú agus a mhaolú. B'fhiú don scoil cur le fad an tsoa, nach maireann ach deich nóiméad ar maidin faoi láthair, ar mhaithe le tuilleadh suaimhnis agus idirghníomhachtaí a chothú i measc scoláirí. Ba cheart don scoil breis uaireanta le haghaidh treoirchomhairleoireachta pearsanta a chur ar fáil freisin mar chuid de na tacaíochtaí céanna.

Tá an tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus an tOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) á soláthar de réir treoirlínte na Roinne. Léirigh an fhreagairt i gceistneoirí na scoláirí doiléireacht áirithe maidir leis an bhfoghlaim a dhéanann siad ar ghnéithe den chúrsa OSPS, ar chúrsaí alcóil agus drugaí mar shampla. Ba cheart an soláthar OSPS a athbhreithniú agus réimsí chun feabhais a aithint ar mhaithe le comhsheasmhacht na foghlama a chinntiú i ngach rang-ghrúpa.

Tugann an roinn tacaíochta foghlama tacaíocht éifeachtach do scoláirí a mbíonn riachtanais oideachais speisialta acu. Bhí cúntóir riachtanais speisialta amháin ag obair sa scoil le linn na meastóireachta. Tá an scoil le moladh as croí-foireann múinteoirí agus comhordaitheoir oilte a fhostú chun an tacaíocht a thabhairt. Aistarraingt ó ranganna is mó a bhíonn i gceist agus moltar don fhoireann smaoineamh ar an gcleachtas buíonteagaisc sa rang atá tosaithe a fhorbairt tuilleadh agus a leathnú amach.

Tá roinnt mhaith comhad tacaíochta scoláirí curtha i dtoll a chéile cheana féin, agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar na cinn eile. Le linn na meastóireachta tugadh faoi deara go raibh éagsúlacht chleachtas ag baint leis na taifid a rinne na múinteoirí ar dhul chun cinn na scoláirí. Moltar a chinntiú go leanann gach múinteoir an córas taifeadta céanna de réir teimpléad na scoile.

Tá an scoil le moladh as deiseanna oiliúna a chur ar fáil go rialta do scoláirí Máistir Gairmiúil san Oideachas. Tá an ról mar mheantóirí a ghabhann leis an gcúrsa *Droichead* do mhúinteoirí nua-cháilithe mar spreagadh leis an bhforbairt ghairmiúil. Chun tógáil ar an obair seo, moltar cuir chuige comhoibríocha mar an bhreathnóireacht ar chleachtas a chéile agus an buíonteagasc a chur chun cinn ar bhonn níos leithne sa scoil. Chabhródh sé seo le hathmhachnamh a chothú i measc na foirne trí chéile ar straitéisí teagaisc agus foghlama agus ar úsáid TFC mar áis fhoghlama chruthaitheach.

An eagraíocht a bhainistiú

Tá bainistiú na heagraíochta go han-mhaith. Ceapadh bord bainistíochta nua ar an scoil anuraidh. Tá cumarsáid éifeachtach agus nasc an-láidir aige leis na hiontaobhaithe, leis an mbainistíocht shinsearach agus le pobal na scoile. Tá réimse de thaithí agus de scileanna tairbheacha ag baill an bhoird a chabhraíonn le forbairt agus reachtáil na scoile a stiúradh. Léiríonn siad tuiscint mhaith ar a ról agus tá siad tiomanta don Ghaeilge agus do shainmheon na scoile a chaomhnú.

Baineann ardcháilíocht le cleachtas an bhoird le leith forbairt agus athbhreithniú na bpolasaithe. Tá timthriall soiléir forbartha a chinntíonn go gcoimeádtar polasaithe cothrom le dáta. Dáiltear agus tugtar ionchur do na páirtithe leasmhara ar dhréacht pholasaithe sula ndéanann an bord iad a

fhaomhadh. Tá an polasaí iontrála cuimsitheach, casta ach soiléir, agus déantar athbhreithniú bliantúil air.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcód iompair in 2016 agus rinneadh leasuithe ar na rialacha anuraidh maidir le fóin phóca, mar shampla. Le linn na meastóireachta bhí iompar na scoláirí ar fheabhas. Aontaíonn na múinteoirí agus na tuismitheoirí go gcaitear go cothrom agus go hómósach le gach scoláire, ach níl na scoláirí ar aon intinn faoi sin. B'fhiú don scoil an scéal seo a iniúchadh agus gníomhú dá réir.

Tá lán-mhuinín ag an mbord agus ag pobal na scoile i gcoitinne as an bhfoireann bainistíochta shinsearach. Tá an-ord agus eagar ar an scoil agus déantar gach rud go críochnúil. Oibríonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach go han-éifeachtach as lámha a chéile. Tá siad tiomanta agus dílis don ghaeloideachas. Bunaíonn siad timpeallacht foghlama atá slán agus sláintiúil. Bíonn siad so-fheicthe timpeall na scoile. Tá meanmna na foirne teagaisc an-dearfach, agus aontaíonn na múinteoirí agus tuismitheoirí go rithear an scoil go maith.

Coimeádtar caoi mhaith ar na háiseanna ar fad. Rinneadh athchóiríú ar an díon agus táthar chun urlár nua a chur sa halla spóirt. Tá páirc peile uile-aimsire le tógáil go luath. Táthar an-airdeallach faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus eagraítear druil tine go rialta. Baintear leas an-tairbheach as an leabharlann ina bhfostaítear leabharlannaí oilte lán-aimseartha.

Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile

Cuireann bainistíocht na scoile an fhís atá mar threoir ag an scoil in iúl agus bíonn siad i gceannas ar bhaint amach na físe sin. Tugann siad ómós agus tacaíocht don chomhpháirtíocht le tuismitheoirí, le hiarscoláirí, le *Gaeloideachas*, le líonraí gairmiúla agus le comhpháirtithe eile chun deiseanna foghlama do na scoláirí a leathnú.

Tá comhchoiste tuismitheoirí an-éifeachtach ag feidhmiú idir an dá scoil. Cuireann an comhchoiste a lán imeachtaí tairbheacha ar siúl, lena n-áirítear oíche treoirghairme agus aonach saothair bliantúil ag an Nollaig. Ceannaíonn an comhchoiste leabhair don leabharlann agus trealamh TFC. Cuirtear go mór le háiseanna na scoile agus le heispéiris foghlama na scoláirí dá bharr.

Bíonn ionchur ag an gcomhchoiste i bhforbairt polasaithe agus scaiptear ceistneoirí ar thuismitheoirí go minic chun a dtuairimí a fháil. Déanann an scoil cumarsáid rialta éifeachtach leis an mbaile. Léiríonn na ceistneoirí gur mhaith le tuismitheoirí i gcoitinne níos mó ionchuir a bheith acu i gcinntí a bhaineann leis an scoil.

Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt

Tá foireann bainistíochta shinsearach na scoile an-chumasach. Siúlann an bheirt acu timpeall na scoile go rialta agus bíonn go leor deiseanna ag baill foirne labhairt leo nó bualadh isteach san oifig chucu. Mar sin féin, tugadh suntas gur fíor-annamh a reáchtálar cruinnithe foirmeálta idir an fhoireann bainistíochta shinsearach agus an fhoireann mheán-bhainistíochta i rith na bliana. Tugadh faoi deara freisin le linn na meastóireachta go raibh an iomarca freagrachtaí á nglacadh ag an bpríomhoide uirthi féin agus go raibh scóip ann chun tuilleadh freagrachtaí a dháileadh ar an bhfoireann féin.

Rinneadh athbhreithniú ar na poist freagrachta anuraidh agus dáileadh dualgais úra ar roinnt sealbhóirí poist. Tá formhór acu ag feidhmiú mar bhliainmhúinteoirí. Tugann na sealbhóirí poist tacaíocht mhaith don fhoireann bainistíochta shinsearach. Ní bhaineann aon cheann de na poist, áfach, le cur chun cinn an teagaisc agus na foghlama ná le FMS, mar a chomhairlítear in Imlitir 03/2018.

Moltar don scoil féachaint in athuair ar na dualgais a ghabhann leis na poist freagrachta chun cúrsaí a bhaineann le teagasc, foghlaim, measúnú agus FMS a chur chun cinn ar shlí níos córasaí. B'fhiú fochoistí foirne a bhunú chun cuidiú le cur chun cinn na dtosaíochtaí seo.

Tá an scoil le moladh as a lán deiseanna ceannaireachta a chur ar fáil do scoláirí i réimsí éagsúla. Tá go leor coistí ionadaíoch ann – an coiste Gaeilge, an coiste ceoil, an coiste spóirt agus an coiste glas, mar shampla. Toghtar comhairle na scoláirí, captaen Gaeilge agus captaen scoile gach bliain. Labhrann roinnt scolairí ag na tionóil ar maidin agus bíonn deiseanna ag meantóirí agus cinnirí sa chúigiú agus an séú bliain tacú mar “chairde” le scoláirí sa chéad agus sa dara bliain. Léiríonn na ceistneoirí gur bhreá leis na scoláirí i gcoitinne níos mó ionchuir a bheith acu i gcinntí a bhaineann le cúrsaí scoile.

2. CÁILÍOCHT AN TEAGAIS AGUS NA FOGHLAMA

Bhí cáilíocht an teagais agus an mheasúnaithe go maith; bhí an cleachtas go han-mhaith i mionlach suntasach de na ceachtanna, agus breathnaíodh roinnt mhaith samplaí de chleachtais eiseamláireacha i ngach ceacht. Bhí cáilíocht na foghlama go han-mhaith.

Áirítear ar na réimsí chun forbartha bainisteoireacht ama, cothromaíocht níos fearr idir ionchur an mhúinteora agus na scoláirí, dúshlán níos fearr tríd an gceistiúchán le linn ranga i gcás na scoláirí is airde cumais, comhsheasmhacht sa chleachtas maidir le haiseolas foirmitheach, buíontegasc agus úsáid éifeachtach TFC mar áis don fhoghlaim.

Torthaí agus Eispéiris na bhFoghlaimoírí

Sna ceachtanna a breathnaíodh, léirigh na scoláirí inspreagthacht agus toilteanas chun tabhairt faoin bhfoghlaim. Bhí an timpeallacht foghlama go han-dearfach sna ranganna ar fad agus ba léir comh-mheas sna hidirghníomhachtaí idir na múinteoirí agus na scoláirí.

Roinneadh ábhar an cheachta leis na scoláirí ag tús gach ranga. Sna samplaí b'éifeachtaí cleachtais thóg na hintinní foghlama ar an réamhfhoghlaim, bhí siad scoláire-lárnach agus úsáideadh iad mar threoir don mheasúnú le linn agus ag deireadh ceachta mar ba chúí. I gcás roinnt de na ceachtanna ritheadh as am agus bhí mar thoradh air nár baineadh an leas ba chríochnúla as straitéisí an mheasúnaithe chun foghlama. Ba cheart ag céim na pleanála an t-am a dháiltear ar thascanna a chur san áireamh ionas go mbeidh deis ag scoláirí machnamh ar a ndul chun cinn san fhoghlaim.

Bhí an fhoghaim chomhoibríoch lárnach sna ranganna ar fad. Den chuid ba mhó, bhí na tascanna dea-eagraithe agus aidhm shoiléir leo ó thaobh na foghlama de. Sna ranganna ab fhearr, bhí na scoláirí mar rannpháirtithe gníomhacha ina gcuid foghlama. Ba léiriú an-mhaith air seo na ceisteanna d'ardcháilíocht a chuir scoláirí ar ábhar an cheachta i gcásanna áirithe. I samplaí eiseamláireacha den fhoghlaim chomhoibríoch cruthaíodh deiseanna do na scoláirí chun machnamh ar an bhfoghlaim ina n-aonar, í a roinnt lena gcomhscoláirí sna grúpaí agus leis an rang agus ansin pleádh an t-ábhar faoi threoir an mhúinteora.

I gcásanna áirithe, áfach, ní raibh na teoracha nó ról scoláirí aonair soiléir go leor. Lean na tascanna ró-fhada, rud a raibh mar thoradh air nach raibh deis ann aiseolas a bhailiú ó gach grúpa agus an deis é a phlé mar rang-ghrúpa. Ba cheart leas a bhaint as an bpróiseas pleanála ábhar atá lárnach sa scoil anois chun dea-chleachtas mar a bhaineann leis an bhfoghlaim chomhoibríoch a roinnt.

Breathnaíodh roinnt samplaí de chleachtais a thacaigh leis an measúnú chun foghlama ach bhain éagsúlacht lena gcáilíocht agus a n-éifeacht. Moltar go háirithe na cásanna sin inar úsáideadh ceistiúchán an mhúinteora chun an fhoghlaim a fhorbairt agus dúshlánú chuí a thabhairt do scoláirí agus ina raibh aiseolas foirmitheach scríofa á thabhairt go rialta ar an obair scríofa. Tá scóip ann, ar mhaithe le comhsheasmhacht in eispéireas foghlama na scoláirí agus cáilíocht an aiseolais a soláthraítear a chinntiú, na dea-chleachtais seo a leathnú ag teacht le polasaí na scoile don mheasúnú chun foghlama.

Cleachtas aonair agus comhchoiteann na múinteoirí

Bhí ullmhúchán an-mhaith déanta d'fhorhmór na gceachtanna agus bhí a struchtúr go maith.

Bhí ionchais arda ag na múinteoirí d'fhoghlaim na scoláirí. Bhain an cleachtas ab fhearr leis na cásanna sin inar cinntíodh dúshlán cuí. In go leor cásanna, áfach, ba cheisteanna a d'iarr ar scoláirí eolas a aisghairm ba mhinice a úsáideadh agus tugadh faoi deara leis go leor samplaí de shluafeagairt.

Mar áis chun eolas a chur i láthair na scoláirí a úsáideadh an TFC. Tá go leor scóipe ann anois tógáil ar úsáid agus ar thaithí mhúinteoirí aonair ar úsáid na n-áiseanna teicneolaíochta atá ar fáil sa scoil ar bhealach nuálach agus idirghníomhach.

Ba léir gur aithin múinteoirí a thábhachtaí agus atá an fhoghlaim ghníomhach mar chuid de thaithí na scoláirí. Den chuid ba mhó, bhí cothromaíocht mhaith idir ionchur an mhúinteora agus rannpháirtíocht ghníomhach na scoláirí, go háirithe sa tsraith shóisearach. Bhí leagan amach na mbord sna seomraí ranga an-tacúil do thascanna a d'éiligh comhoibriú san fhoghlaim agus cumarsáid i measc na scoláirí. Úsáideadh raon de straitéisí éifeachtacha chun tacú le difreáil na foghlama lena n-áirítear múinteoirí ag gluaiseacht timpeall an tseomra ranga ag cinntiú go raibh scoláirí aonair ag déanamh dul chun cinn agus obair bhaile dhifreáilte. Chun an réimse seo den chleachtas a fhorbairt tuilleadh, ba cheart tógáil ar an gcleachtas buíontegaic atá tosaithe cheana féin.

Leagadh béim ar eochairfhocail agus ar shainteármaíocht an ábhair i mórán ranganna agus ar straitéisí uimhearthachta i roinnt ranganna. Bhí caoi mhaith ar an gcuid ba mhó de chóipleabhair na scoláirí a scrúdaíodh le linn na meastóireachta, ach bhí éagsúlacht cháilíochta ag baint le cuid acu. B'fhiú an dea-chleachtas a roinnt i ngach ábhar.

Rinneadh athbhreithniú ar réimse de phleananna ábhair le linn na meastóireachta. Léirigh na pleananna go bhfuiltear ag dul i ngleic le comhphleanáil do shonraíochtaí nua na sraithe sóisearaí, Sonraíocht Ghaeilge T1 san áireamh. Ag teacht leis an bplean scoile, bhí straitéisí litearthachta agus uimhearthachta comhtháite sna pleananna, chomh maith leis an bhfolláine.

Déantar anailís ar rannpháirtíocht agus ar ghnóthachtáil na scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta. Níor léir áfach ó na pleananna do na hábhair conas mar a chuirtear tástáil na hanailíse sin i bhfeidhm sa phróiseas pleanála ar mhaithe le caighdeán arda a chinntiú i gcónaí.

3. CUR I BHFEIDHM NA MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ ROIMHE

Tá dul chun an-mhaith déanta maidir le cur i bhfeidhm na moltaí ó mheastóireachtaí roimhe seo.

Ceannaireacht agus Bainistíocht

Ní dhearnadh aon mholtaí maidir le bainistíocht na scoile, seachas a chinntiú go ndéanfaí leasuithe ar chomhphleanáil ábhair, rud a rinneadh.

Teagasc agus Foghlaim

Tá dul chun cinn an-mhaith déanta ag na ranna ábhair maidir le cur i bhfeidhm na moltaí a bhain le teagasc agus foghlaim. Tugadh faoi deara sna ceachtanna a breathnaíodh go raibh an fhoghlaim ghníomhach chun tosaigh agus gur tugadh deiseanna tairbheacha do scoláirí iad féin a chur in iúl agus a gcuid tuairimí a nochtadh. Tugadh faoi deara go raibh obair ghrúpa á h-eagrú ní b'éifeachtaí agus go ndearnadh an fhorbairt chuí ar na pleananna ábhair.

4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS CUMAS D'FHEABHSÚCHÁN SCOILE

Próiseas Féinmheastóireachta na Scoile (FMS)

Tá an próiseas FMS éifeachtach. Bhí measúnú chun foghlama, litearthacht, uimhearthacht, torthaí foghlama, tinreamh scoile, ráitis foghlama agus príomhscileanna ar na téamaí a chuir an scoil chun cinn roimhe seo. Laige amháin a bhain leis an bpróiseas uaireanta ná nach raibh plean gníomhaíochta spriocdhírthe i gceist. Folisíodh plean feabhsúcháin na scoile do na blianta 2018- 2022 agus is í an Fholláine an fócas i mbliana.

Moltar an próiseas FMS a fhorbairt trí fochoistí a bhunú, plean gníomhaíochta a dhréachtú, spriocanna sonracha, intomhaiste, comhaontaithe, réalaiócha agus uainithe (SICRU) a leagan amach, agus monatóireacht rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn.

Cumas na Scoile d'Fheabhsúchán

Léiríonn pobal na scoile tiomantas agus ardchumas d'fheabhsúchán scoile. Tá fonn ar phobal na scoile barr feabhais a bhaint amach i ngach gné den soláthar oideachais.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Cuid A: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Fáiltíonn Coláiste Íosagáin roimh an tuairisc ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar an Meastóireacht Scoile Uile, Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim. Dearbhaíonn an tuairisc obair na scoile go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas;

- Tá rialachas na scoile an-éifeachtach agus tá Bord Bainistíochta atá tiomanta agus díograiseach freagrach as an rialachas seo.
- Tá cáilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta sa scoil go han-mhaith agus críochnúil.
- Léiríonn foireann na scoile dílseacht don fhís atá mar threoir ag Coláiste Íosagáin agus glacann siad freagracht as cur i gcrích na físe sin.
- Cuireann an scoil cultúr foghlama ar ardchaighdeán chun cinn chomh maith le réimse leathan d'imeachtaí comhchuraclaim agus eischuraclaim.
- Tá an timpeallacht foghlama slán agus sláintiúil agus tá meanma na foirne teagaisc an-dearfach.
- Tá an scoil le moladh as deiseanna ceannaireachta a chur ar fáil do scoláirí i réimsí éagsúla trí choistí, tríd an gcóras cinnireachta agus trí na cairde speisialta.
- Tá Idirbhliain dea-eagraithe agus spreagthach ar fáil sa scoil le hiliomad deiseanna curtha ar fáil do na scoláirí.
- Tugtar tacaíocht éifeachtach do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Cuirtear comhpháirtíocht le tuismitheoirí, le hiarscoláirí agus le páirtithe leasmhara eile chun cinn go háirithe mar a bhaineann le hoideachas lánGhaeilge.

Cuid B: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an gníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Tá an Bord tiomanta do na moltaí seo a chur i bhfeidhm trí chomhoibriú leis an bhfoireann teagaisc, leis na scoláirí agus leis na tuismitheoirí. Mar aon leis na gníomhaíochtaí thíos, cuirfear na mionchinntí san áireamh tríd an bPlean Feabhsúcháin Scoile agus tríd an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile.

- Déanfar athbhreithniú ar an amchlár don chéad scoilbhliain eile le cinntiú go bhfuil gach múinteoir lán-aimseartha buan tráthchlártaite go cuí ar feadh 18 uair an chloig ar a laghad de thréimhsí teagaisc in aghaidh na seachtaine.
- Déanfar tuilleadh forbartha ar an gcleachtas atá ar an bhfód cheana le buíonteagasc, go háirithe mar a bhaineann le réimse na tacaíochta foghlama.
- Déanfar tuilleadh forbartha ar an gcleachtas atá ar an bhfód cheana leis an bhfolláine d'fhochoistí a bhunú leis an bhFéinmheastóireacht Scoile a chur chun cinn ach ar bhealach atá ag teacht le spriocanna sonracha, intomhaiste, comhaontaithe, réalaíochta agus uainithe (SICRU).
- Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe ar na poist freagrachta, breathnófar ar bhealaí leis an teagasc, foghlaim agus measúnú a chur chun cinn ar bhealach níos córasaí.
- Bunófar Bord Léinn leis an soláthar curaclaim a athbhreithniú le cinntiú go bhfuil na hábhair a chuirtear ar fáil ag freastal ar riachtanais na scoláirí.
- Déanfar gach iarracht, taobh istigh den leithroinnt uaireanta teagaisc a chuirtear ar fáil don scoil, tuilleadh ama a chur ar fáil do chomhairleoireacht phearsanta do na scoláirí.

Contanam Cáilíochta na Cigireachta

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa scoil agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile do gach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear <i>An-mhaith</i> áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo cáilíocht an tsoláthair ar a rinneadh meastóireacht <i>thar cionn</i> agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeán soláthair.	An-mhaith; ar cháilíocht an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasacha; thar barr
Maith	Úsáidtear <i>Go maith</i> áit inar léir go bhfuil na láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu níos treise ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh d'fhonn caighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach.	Go maith; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear <i>Sásúil</i> áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá na láidreachtaí sa mhéid ar a bhfuil meastóireacht á dhéanamh díreach níos treise ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian le cáilíocht na n-eispéireas foghlama agus ba chóir déileáil leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	Sásúil; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear <i>Measartha</i> áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha; laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith sásúil; deacrachtaí ann; ní mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear <i>Lag</i> áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	Lag; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Whole School Evaluation
Management, Leadership and Learning

REPORT

School name	Coláiste Íosagáin
School address	Stillorgan Road, Booterstown, Blackrock
Roll number	60042F

Date of Evaluation: 06-02-2019



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

The original report is written in Irish. An English translation of the report is provided here.

Tá an tuairisc bhunaidh scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil anseo.

WHOLE-SCHOOL EVALUATION – MANAGEMENT, LEADERSHIP AND LEARNING

Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning reports on the quality of teaching and learning and on the quality of management and leadership in a school. It affirms good practice and makes recommendations, where appropriate, to aid the further development of educational provision in the school.

How to read this report

During this inspection, the inspectors evaluated and reported under the following headings or areas of enquiry:

